2024/730

14.3.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 328/2021**

**an 10 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/730]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/1408 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil le haghaidh alcalóidigh thrópáin in earraí bia áirithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1377 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena n-údaraítear an t-athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh oiléaroisín ar chuid mhór astaxaintine ó algaí *Haematococcus pluvialis* faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Is le reachtaíocht maidir le hearraí bia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hearraí bia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 54zzzz (Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún):

   '- **32021 R 1408**: Rialachán (AE) 2021/1408 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2021 (IOL 304, 30.8.2021, lch. 1).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 124b (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún):

   '- **32021 R 1377**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1377 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 (IO L 297, 20.8.2021, lch. 20).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2021/1408 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1377 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

([1]) IO L 304, 30.8.2021, lch. 1.
([2]) IO L 297, 20.8.2021, lch. 20.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Rolf Einar FIFE